Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2610

17.11.2023

# CINNEADH (CBES) 2023/2610 ÓN GCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

## an 15 Samhain 2023

## maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/661 (EUNAVFOR ATALANTA/3/2023)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Comhpháirteach 2008/851/CBES, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATLANTA) ('Ceannasaí Oibríochta an Aontais') a cheapadh.

(2) An 20 Aibreán 2021, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2021/661 ([2]), lena gceaptar an Leas-Aimiréal José M. NÚÑEZ TORRENTE mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais ón 21 Aibreán 2021.

(3) An 22 Meán Fómhair 2023, mhol údaráis mhíleata na Spáinne go dtiocfadh an Seachaimiréal Ignacio VILLANUEVA SERRANO i gcomharbacht ar an Leas-Aimiréal José M. NÚÑEZ TORRENTE mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais ón 23 Samhain 2023.

(4) An 28 Meán Fómhair 2023, thacaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh le Seachaimiréal Ignacio VILLANUEVA SERRANO a cheapadh mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais.

(5) An 30 Deireadh Fómhair 2023, tugadh ardú céime go Leas-Aimiréal don Seachaimiréal Ignacio VILLANUEVA SERRANO.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2021/661 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Leas-Aimiréal Ignacio VILLANUEVA SERRANO mar Cheannasaí Oibríochta an Aontais le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) ón 23 Samhain 2023.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2021/661 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 23 Samhain 2023.

([1]) IO L 301, 12.11.2008, lch. 33.
([2]) Cinneadh (CBES) 2021/661 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 20 Aibreán 2021 maidir le Ceannasaí Oibríochta an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar oibríocht mhíleata an Aontais chun rannchuidiú le gníomhartha píoráideachta agus robáil armtha amach ó chósta na Somáile a dhíspreagadh, a chosc agus a chur faoi chois (Atalanta) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/87 (ATALANTA/3/2021) (IO L 140, 23.4.2021, lch. 12).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Samhain 2023.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*